

**ABAIR LEAT  
HAVE YOUR SAY  
HAE YER SPAKE**  
THE NEW IRELAND IS FOR EVERYONE



# POBAIL TUAITHE IN ÉIRINN NUA

**An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta  
Dé Céadaoin 18ú Meán Fómhair 2024**



**Sinn Féin**

[www.sinnfein.ie/futureofireland](http://www.sinnfein.ie/futureofireland)

Chuir Sinn Féin an Coimisiún um Thodhchaí na hÉireann (An Coimisiún) ar bun i mí Iúil na bliana 2022. Is é a shainchúram ná dul i mbun comhairliúcháin dhomhain le muintir na hÉireann agus níos faide i gcéin ar thodhchaí na hÉireann.


Tá Tionóil Phobail agus cruinnithe earnála á n-eagrú ar fud na tíre agus go hidirnáisiúnta le dul i ngleic leis an gcúram seo. Chomh maith leis sin, tá aighneachtaí scríofa á mbailiú agus á gcur le chéile, agus bíonn socrúithe príobháideacha eile idir lámha againn chomh maith.

D'óstáil an Coimisiún 10 n-imeacht poiblí go dtí seo agus tá breis agus 200 aighneacht scríofa faighte againn ó réimse leathan daoine agus grúpaí éagsúla.

Is féidir leatsa aighneacht scríofa a leagan isteach i bhfoirm r-phoist ach scéala a chur chugainn ag [commission@sinnfein.ie](mailto:commission@sinnfein.ie). Mar mhalairt air sin, féadann tú aighneacht a leagan isteach tríd an suíomh gréasáin a leanas: [www.sinnfein.ie/futureofireland](http://www.sinnfein.ie/futureofireland)

Declan Kearney CTR atá mar chathaoirleach ar an gCoimisiún, agus tá an Lynn Boylan ina leaschathaoirleach.

**Tá físeán de Phobail Tuaithe in Éirinn Nua ar fáil le féachaint air anseo: <https://www.facebook.com/share/v/U7eFXxVqosECw3E2/>**



Ceapadh Cathaoirleach Shinn Féin, Declan Kearney, mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún. Beidh an Lynn Boylan MEP ina Leas Chathaoirleach.



## RÉAMHRÁ

Bhunaigh Sinn Féin an Coimisiún um Thodhchaí na hÉireann i mí Iúil 2022. Is é an sainchúram atá air ná dul i gcomhairle le muintir na hÉireann agus go hidirnáisiúnta maidir le todhchaí na hÉireann. Bainfear é seo amach trí Thionóil Phoiblí an Phobail a réachtáil ar fud na tíre agus go hidirnáisiúnta; trí thuairimí i scríbhinn a bhailiú agus a fhoilsiú; cruinnithe earnála a réachtáil agus trí rannpháirtíochtaí príobháideacha.

Cuirfear tuarascáil deiridh le chéile ag deireadh an tionscadail.

Seo tuairisc ó na Pobail Tuaithe ag ócáid de chuid Éire Nua a bhí ar siúl ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gContae Laoise, Dé Céadaoin an 18 Meán Fómhair 2024. Ba é seo an 17ú imeacht poiblí a réachtáil an Coimisiún.

Labhair Urlabhraí Talmhaíochta Shinn Féin ó thuaidh Declan McAleer CTR ag an gcuinniú agus bhí Urlabhraí Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe Shinn Féin ó thuaidh Martin Kenny TD ina chathaoirleach air.

Ar an bpainéal don ócáid bhí Catherine Lane (Comhairle Náisiúnta na mBan), Paula Melvin (Uachtarán Conradh na Gaeilge), Richard Halleron (Agriland) & Louise Lennon (Irish Rural Link).

Faoi láthair, tá na céadta ionchur faighte ag an gCoimisiún um Thodhchaí na hÉireann ó réimse leathan daoine aonair agus grúpaí leasmhara. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir tuairimí a chur in iúl go fóill leis an gCoimisiún ag [commission@sinnfein.ie](mailto:commission@sinnfein.ie) nó tríd an leathanach gréasáin seo a leanas [www.sinnfein.ie/futureofireland](http://www.sinnfein.ie/futureofireland)

## **Aitheasc tosaigh ó Declan McAleer CTR**

### **Chuir Declan McAleer fáilte roimh gach duine chuig an 17ú imeacht poiblí a d'óstáil Coimisiún Shinn Féin um Thodhchaí na hÉireann.**

"Léiríonn do láithreach anseo inniu an móiminteam atá ag dul i méid sa chomhrá faoi thodhchaí na hÉireann. Ba mhaith linn rannpháirtíocht an phobail a spreagadh sa chomhrá faoinár dtodhchaí chomhroinnte. Ba mhaith linn go mbeadh a gcuid tuairimí ag gach duine.

"Iad siúd a thacaíonn le haontacht na hÉireann; iad siúd nach bhfuil cinnte agus a bhfuil ceisteanna acu; agus iad siúd atá i gcoinne an athraithe ag an am seo.

"Táimid anseo inniu ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, an taispeántas bliantúil do phobail tuaithe agus gach rud atá dearfach faoin tuath in Éirinn, chun deis a thabhairt duit cur leis an bplé agus éisteacht leis na pointí a ardaíodh.

"Ó cuireadh an Chríochdheighilt i bhfeidhm, cuireadh iallach ar ár n-oileán oibriú agus ceangal na gcúig chos orainn agus tá pobail tuaithe thíos go mór leis. Tá gá le hinfheistíocht sa ghréasán bóithre, leathanbhanda níos fearr, rochtain ar thithíocht, cúram sláinte, cúram leanaí agus tacaíocht do ghnólachtaí beaga, lena n-áirítear talmhaíocht, ar fud na hÉireann le go n-éireoidh le pobail na tuaithe.

"Tuigimid go léir an crá croí a bhaineann le daoine óga a bheith ag dul ar imirce mar gheall ar easpa post, deiseanna agus tithíochta sa tír seo. In go leor ceantar tuaithe ar fud na hÉireann, tá an Breatimeacht mar bhagairt ar ár gcaighdeáin náisiúnta den scoth maidir le táirgí feirme, déanann sé dochar dár gcáil mar phríomhsholáthraí táirgí talmhaíochta ar fud an domhain agus coinníonn sé feirmeoirí ó thuaidh amach as Comhbheartas Talmhaíochta an AE.


"Ba chóir cinní a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar ár dtionscail talmhaíochta ar oileán na hÉireann, agus ní ag rialtais na dtÓraithe in Westminster. Sa chás go n-éireodh le reifreann aontachta bheadh an t-oileán ar fad ina bhall den Aontas Eorpach agus d'fhéadfaí leas a bhaint as ár lánacmhainneacht eacnamaíoch.

"Tá an-chuid taighde agus samhaltú acadúil agus staidéir agus leabhair nua ar gach gné den athaontú á dtáirgeadh go rialta. Tá go leor daoine, Sinn Féin ina measc, ag

## **PRÍOMHPHLÉ**

### **Agus tús á chur leis an bpríomhphlé, chuir Martin roinnt ceisteanna ar an bpainéal**

- ➡ Conas a d'fhéadfadh aontacht na hÉireann a bheith le leas teaghlaigh feirmeoireachta & pobail tuaithe?
- ➡ Cén chaoi a bhfeiceann tú an todhchaí ag titim amach ón áit a bhfuilimid anois?
- ➡ Cé chomh tábhachtach is atá rochtain ar mhargadh an Aontais?
- ➡ Cad iad na dúshláin eile atá roimh phobail tuaithe?



**D'fhreagair Richard Halleron** nuair a dúirt sé gurb é an táirgeadh sa talmhaíocht scéal na tuaithe in Éirinn agus gurb í slándáil bia an dúshlán is mó d'Éirinn agus don domhan. Dúirt sé go bhfuil méadú 30-40% tagtha ar tháirgeadh bia ar fud an domhain de bharr an chogaidh san Úcráin.

**Leag Paula Melvin** béim ar thábhacht na Gaeilge sa chomhrá faoi aontachtaithe agus dúirt sí go gcaithfear a bheith chun tosaigh agus i lár an aonaigh maidir le hathrú bunreachtúil. Dúirt Paula go gcaithfidimid breathnú ar ról na Gaeilge i mbunreacht nua agus dúirt sí go raibh díomá uirthi nach raibh tagairt don Ghaeilge sa chlár rialtais sa Tuaisceart le déanaí.

**Dúirt Catherine Lane** gur ceist mhór í 'caighdeán maireachtála' na mban faoin tuath. Dúirt sí nach bhfuil aon teorainn ar an oileán do cheisteanna na mban. Cheistigh sí freisin cad é mar a bheadh todhchaí feimineach in Éirinn nua. "Is é an rud is tábhachtaí sa chomhrá seo ar aontacht ná go gcaithfidh mná a bheith sábháilte, ioncam réasúnta a bheith acu agus an méid a theastaíonn uathu a bheith acu ó thaoibh gnáthshaol a chaitheamh agus clann a thógáil."

**Dúirt Louise Lennon** gurb ionann na dúshláin a bhaineann le cúrsaí iompair ar fud an oileáin. Leag Louise béim ar an ngá atá le spás a chruthú do ghrúpaí pobail teacht le chéile agus dúirt sí go bhfuil deacrachtaí ag go leor i gceantair tuaithe taisteal trasna na teorann mar gheall ar an easpa iompair agus infreastreachtúir.

**Thagair Paula Melvin** do na deacrachtaí

atá ag teacht chun cinn i measc daoine i bpobail tuaithe Gaeltachta. Dúirt sí gurb í an cheist is mó atá ag daoine ná cúrsaí tithíochta- "Mura féidir le daoine cead pleanála a fháil chun teach a thógáil sa Ghaeltacht, caillfear an Ghaeltacht."

**Luagh Paula** chomh maith go bhfuil an Ghaeilge gann ar mhaoiniú sna 26 contae. Dúirt sí go raibh an clár Rialtais reatha go maith don Ghaeilge ach nár cuireadh i bhfeidhm é ná nár leanadh leis agus gur údar díomá é sin.

**Dúirt Catherine Lane** nach gcuirtear luach go leor ar ról na mban sa talmhaíocht agus go bhfuil sé dofheicthe den chuid is mó. Dúirt sí go gcaithfear infheistíocht san fheirmeoireacht a dhíriú ar fheirmeacha beaga agus go gcaithfear tacú le mná i ngach ceantar cinnteoireachta faoin tuath in Éirinn.

**D'fhreagair Richard Halleron** ag rá go bhfuil ról níos mó ag mná Talmhaíochta i ngnó Agraibhia. "Tá difríocht ollmhór idir an méid tacaíochta airgeadais d'fheirmeoirí thuaidh agus theas."

**Dúirt Louise Lennon** gurb iad na mná cnámh droma fheirm na hÉireann agus go gcaithfear a bheith normálta gur féidir an fheirm a thabhairt ar aghaidh chuig an iníon agus ní hamháin don mac. Is earnáil thábhachtach í an turasóireacht do phobail tuaithe freisin.

**Lean Louise** uirthi ag rá go gcaithfear ceist na tithíochta a réiteach do cheantair thuaithe agus uirbeacha- "Caithfidh aosta tithithe a laghdú agus fanacht fós ina bpobal áitiúil





agus cead a thabhairt a dtithe a chur ar fáil do theaghligh a bhfuil an teach níos mó de dhíth orthu.”

**Dúirt Louise freisin,** “Teastaíonn éagsúlú feirme uainn chun luach eacnamaíoch feirmeacha beaga a fheabhsú- tá laethanta bia saor thart.”

**Thagair Richard Halleron** do staitisticí a léiríonn gur mná iad 75% de na tréidli-anna mac léinn ar fad agus gur fir iad 95% d’fheirmeoirí ó thuaidh.

**Dúirt Richard** go bhfuil caighdeán an bhia chomh hard sin ach nach bhfuil feirmeoirí ag fáil an phraghais atá tuillte acu.

**Dúirt Richard,** “Tá buiséad £300m don Talmhaíocht ó thuaidh le 17 mbliana anuas agus anois níl aon cholún 2 ann. Tá feirmeoirí ó thuaidh ag streachailt le hoibríthe séasúra-cha a fháil, beacáin a bhaint, mar shampla. Má thiteann íocaíochtaí ansin titeann brabú-sacht.”

## TUAIMÍ AN LUCHT FÉACHANA

“Is í an fhadhb is mó i bhfeirmeoireacht na hÉireann ná an lucht oibre, iarrtar ar fheirmeoirí infheistíocht a dhéanamh ina bh-feirm agus anois tá siad i bhfiacha.”

**Dúirt Catherine Lane** go gcaithfid teacht ar bhealaí le hinfeistíocht a dhéanamh i gcúram sa phobal do chách, idir óg, aosta agus do dhaoine faoi mhíchumas.

# CONCLÚID:

## Ag dúnadh na hócáide, dúirt an Teachta Dála Martin Kenny

“Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a chuidigh inniu, go háirithe ár bpainéal iontach. Cruinniú den scoth a bhí ann agus sílim go raibh fianaise an-léargasach againn agus uaireanta cuireadh fianaise phearsanta ar fáil.

“Tá sé ríthábhachtach go gcruthóidh na daoine sin againne atá ag iarraidh Éire aontaithe an spás dóibh siúd atá ina choinne nó dóibh siúd nach bhfuil a n-intinn déanta suas acu agus a d’fhéadfaí a mhealladh ina treo”.

“Tá Éire nua, comhaontaithe á lorg ag Sinn Féin. Is mian linn Éire chóir agus cothrom a thógáil, Éire atá rathúil ó thaobh an gheilleagair de agus atá cuimsitheach ó thaobh na sochaí agus an chultúir de.

“Léirigh muid ár dtuairimí againn agus anois ní mór dúinn bogadh isteach sa chéim pleanála agus ullmhúcháin i dtreo na hÉireann nua. Tá sé fíorthábhachtach go mbunódh rialtas na hÉireann Tionól Saoránach ar Aontacht na hÉireann agus go gcloisfear glórtha tuaithe.

“Tá súil agam go leanfaidh na comhráite seo ar aghaidh ar fud phobail tuaithe in Éirinn.

“Impím ar shaoránaigh a bhfuil suim acu sa fhéidearthacht agus san acmhainneacht atá ag Aontacht na hÉireann a bheith gníomhach ar an gceist seo. Bígí páirteach sa chomhrá.”



# AN COIMISIÚN UM THODHCHAÍ NA HÉIREANN

POBAIL TUAITHE IN ÉIRINN NUA, DÉ CÉADAÓIN 18Ú MÉAN FÓMHAIR 2024





 **SinnFein**

 **@sinnfeinireland**

 **@sinn\_fein**

 **www.sinnfein.ie**